Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2021
(OR. en)

13130/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0308(NLE)**

ACP 99
FIN 815
PTOM 27

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12533/21 + ADD 1 - COM(2021) 605 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2023, an méid bliantúil le haghaidh 2022, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2022 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025<br>- Glacadh |

1. An 4 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2023, an méid bliantúil le haghaidh 2022, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2022 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025[1].

2. Scrúdaigh Meitheal ACC an togra ón gCoimisiún agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2021.

[1] 12533/21 + ADD 1.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír 'A' ar an gclár oibre:

– an Cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar amach in 12878/21 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chomhaontú Inmheánach is infheidhme maidir leis an 11ú CEF[2];

– a ordú go bhfoilseofar san *Iris Oifigiúil* é.

---

[2] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.